Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Ceol

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)

| C | Tuairiscíní | | | Marc | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | An Dá Shéis | **A** | • Tuiscint an-mhaith ar chruth séiseach agus leanúint an-mhaith den oscailt a thugtar.<br>• Comhsheasmhach ó thaobh rithime de.<br>• Críochnaíonn an tséis ar an tonach.<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe. | 17 – 20 | **20 + 20** |
| | | **B** | • Tuiscint mhaith ar chruth séiseach agus leanúint mhaith den oscailt a thugtar.<br>• Comhsheasmhach ó thaobh rithime de.<br>• Críochnaíonn an tséis ar an tonach.<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe. | 14 – 16 | |
| | | **C** | • Tuiscint réasúnta maith ar chruth séiseach agus leanúint réasúnta maith den oscailt a thugtar.<br>• Comhsheasmhach ó thaobh rithime de i gcoitinne.<br>• Críochnaíonn an tséis ar an tonach.<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe. | 11 – 13 | |
| | | **D** | • Tuiscint éigin ar ghléas agus ar chruth séiseach agus iarracht ar leanúint den oscailt a thugtar.<br>• Neamhréireachtaí áirithe rithime.<br>• Críochnaíonn an tséis ar an tonach.<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe. | 8 – 10 | |
| | | **E** | • Gan mórán tuisceana ar ghléas ná ar chruth séiseach agus gan aon iarracht ar leanúint den oscailt a thugtar.<br>• Drochthuiscint ar mhíriú.<br>• Comharthaí mothúcháin neamhoiriúnacha curtha isteach / comharthaí mothúcháin ar iarraidh<br>• Uirlis neamhoiriúnach roghnaithe / gan aon uirlis roghnaithe | 5 – 7 | |
| | | **F** | • Gan aon iarracht nó gan ach fíorbheagán iarrachta. | 0 – 4 | |

| **C** | | **Tuairiscíní** | **Marc** | |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **A** | • An rithim comhsheasmhach leis na focail in (a) agus (b).<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth séiseach agus ar chóiriú focal, agus an rithim in (a) á úsáid.<br>• Críochnaíonn an tséis ar an tonach.<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach. | 34 – 40 | **40** |
| | **B** | • An rithim comhsheasmhach i gcoitinne leis na focail in (a) agus (b).<br>• Tuiscint mhaith ar chruth séiseach agus ar chóiriú focal, agus an rithim in (a) á úsáid.<br>• Críochnaíonn an tséis ar an tonach.<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach. | 28 – 33 | |
| | **C** | • An rithim measartha comhsheasmhach leis na focail in (a) agus (b).<br>• Tuiscint réasúnta maith ar ghléas, ar chruth séiseach agus ar chóiriú focal, agus an rithim in (a) á úsáid.<br>• Críochnaíonn an tséis ar an tonach.<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach. | 22 – 27 | |
| | **D** | • Neamhréireachtaí áirithe idir an rithim agus na focail in (a) agus (b)<br>• Tuiscint éigin ar ghléas, ar chruth séiseach agus ar chóiriú focal, agus an rithim in (a) á úsáid<br>• Críochnaíonn an tséis ar an tonach.<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach. | 16 – 21 | |
| | **E** | • Gan mórán tuisceana ar ghléas, ar chruth séiseach, ar rithim ná ar chóiriú focal.<br>• Drochthuiscint ar mhíriú.<br>• Comharthaí mothúcháin neamhoiriúnacha curtha isteach / comharthaí mothúcháin ar iarraidh | 10 – 15 | |
| | **F** | • Gan aon iarracht nó gan ach fíorbheagán iarrachta. | 0 – 9 | |
| | • *Ní bhronntar ach 12 mharc ar a mhéad mura bhfreagraítear ach cuid (a).*<br>• *Nuair nach bhfuil freagra ar bith ag (a) agus gan iarracht ar bith ar chóiriú focal ag (b), bronn 0 marc don cheist.* | | | |

| C | | | Tuairiscíní | Marc | |
|---|---|---|---|---|---|
| 3 | An Dá Shéis | A | • Tuiscint an-mhaith ar chruth séiseach.<br>• Coinnítear rithim agus stíl an damhsa.<br>• Críochnaíonn an tséis ar an tonach.<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe. | 17 – 20 | **20 + 20** |
| | | B | • Tuiscint mhaith ar chruth séiseach.<br>• Iarracht mhaith chun rithim agus stíl an damhsa a choinneáil<br>• Críochnaíonn an tséis ar an tonach.<br>• An míriú ag teacht leis an tséis atá cumtha.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe. | 14 – 16 | |
| | | C | • Tuiscint réasúnta maith ar ghléas agus ar chruth séiseach.<br>• Rithim agus stíl an damhsa comhsheasmhach i gcoitinne.<br>• Críochnaíonn an tséis ar an tonach.<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe. | 11 – 13 | |
| | | D | • Tuiscint éigin ar ghléas agus ar chruth séiseach.<br>• Neamhréireachtaí áirithe rithime.<br>• Críochnaíonn an tséis ar an tonach.<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe. | 8 – 10 | |
| | | E | • Gan mórán tuisceana ar ghléas, ar chruth séiseach ná ar rithim.<br>• Drochthuiscint ar mhíriú.<br>• Comharthaí mothúcháin neamhoiriúnacha curtha isteach / comharthaí mothúcháin ar iarraidh<br>• Uirlis neamhoiriúnach roghnaithe / gan aon uirlis roghnaithe | 5 – 7 | |
| | | F | • Gan aon iarracht nó gan ach fíorbheagán iarrachta. | 0 – 4 | |

## ROINN B – ARMÓIN (60 marc)

| C | Gné | Tuairiscíní | Marc | Fo-iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 4 | Greille | • 1 mharc in aghaidh gach nóta den chorda atá ceart | 12 | **12** | **60** |
| | Séis | • Suas le 2 mharc in aghaidh gach nóta mhaith séise má úsáidtear an rithim thugtha<br>• 1 mharc in aghaidh gach nóta mhaith séise mura n-úsáidtear an rithim thugtha.<br>• 1 mharc in aghaidh gach nóta den chorda atá ceart ach nach nóta maith séise é | 2 × 12 | **24** | |
| | Dord | • 2 mharc in aghaidh gach dordnóta mhaith má úsáidtear an rithim thugtha<br>• 1 mharc in aghaidh gach dordnóta mhaith mura n-úsáidtear an rithim thugtha. | 2 × 12 | **24** | |

| C | Gné | Tuairiscíní | Marc | Fo-iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 5 | Greille | • 1 mharc in aghaidh gach nóta den chorda atá ceart | 12 | **12** | **60** |
| | Cordaí | • Suas le 2 mharc in aghaidh gach corda mhaith dúnta.<br>• 1 mharc in aghaidh gach corda a oireann ach nach corda maith dúnta é. | 2 × 12 | **24** | |
| | Dord | • 2 mharc in aghaidh gach dordnóta mhaith i ngach corda dúnta atá ceart<br>• 1 mharc in aghaidh gach dordnóta mhaith má úsáidtear rithim atá mícheart<br>• 1 mharc in aghaidh gach dordnóta i gcorda a oireann ach nach corda maith dúnta é. | 2 × 12 | **24** | |

| C | Gné | Tuairiscíní | Marc | Fo-iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Greille | • 1 mharc in aghaidh gach nóta den chorda atá ceart | 12 | **12** | **60** |
| | Cordaí | • Suas le 2 mharc in aghaidh gach corda mhaith dúnta.<br>• 1 mharc in aghaidh gach corda a oireann ach nach corda maith dúnta é. | 2 × 12 | **24** | |
| | Forshéis | • Suas le 2 mharc in aghaidh gach nóta mhaith forshéise<br>• 1 mharc in aghaidh gach nóta mhaith forshéise má úsáidtear rithim atá mícheart<br>• 1 mharc in aghaidh gach nóta forshéise nach mbaineann le corda maith dúnta. | 2 × 12 | **24** | |


| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | **Sliocht 1** | | *Choinséartó don Phianó i Mórghléas A K488 le Mozart*<br>*An chéad ghluaiseacht, na barraí 61 – 82* | | **9** | **25** |
| | | (i) | As an bhfoilsiú | 2 | | |
| | | (ii) | <br>1 mharc in aghaidh gach nóta séise atá ceart | 4 | | |
| | | (iii) | An fhine téaduirlisí | 3 | | |
| | **Sliocht 2** | | *An chéad ghluaiseacht, na barraí 98 – 114* | | **6** | |
| | | (i) | An tséis agus an tionlacan | 2 | | |
| | | (ii) | Sna barraí 9-16:<br>Tá níos mó uirlisí á seinm; cuirtear na téaduirlisí leis an gceol; cuirtear na gaothuirlisí leis; seinntear an tséis ar na (1ú) veidhlíní / an mbasún/ an bhfliúit/ an gcláirnéid); ní sheinntear an tséis ar an bpianó; tá an tséis níos airde / airde na séise (ochtach) níos airde; seinntear an tionlacan ar na téaduirlisí anois.<br><br>Suas le 2 mharc as difríocht amháin a shainaithint i gceart | 2 | | |
| | | (iii) | Dúnadh foirfe (lándúnadh) | 2 | | |
| | **Sliocht 3** | | *An chéad ghluaiseacht, na barraí 170 – 189* | | **10** | |
| | | (i) | Aithris<br><br>Seinntear an tséis ar uirlis amháin (an chláirnéid) agus déantar aithris uirthi / cóipeáiltear í ar uirlis eile (an fhliúit); Tá an tséis ag forluí uirthi féin<br>Cosúil le rothlam = 1<br><br>Suas le 2 mharc as aon fhreagra bailí.<br>Ráiteas a bhfuil cuid de ceart = 1 | 2<br><br>2 | | |
| | | (ii) | Leathchamáin reatha | 2 | | |
| | | (iii) | An t-athfhoilsiú / an roinn deiridh<br>Ag an / gar don deireadh = 1<br><br>Sliocht casta don t-aonréadach, a chloistear de ghnáth i ndeireadh na chéad ghluaiseachta; is minic a dhéantar é a thobchumadh chun tallann an tseinnteora a léiriú;<br><br>Suas le 2 mharc as aon chur síos bailí. | 2<br><br>2 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2** | | | *When I'm Sixty-four le John Lennon agus Paul McCartney*<br>*Na barraí 1 - 38* | | **10** | **10** |
| | | (i) | Séis thríchordach; séis chrómatach; rithim shioncóipithe; rithim phoncaithe (phreabach); cantar mar aonréad; Paul McCartney á canadh; | 2 | | |
| | | (ii) | Líne 2<br><br>Bloc-chordaí | 1<br><br>1 | | |
| | | (iii) |  | 2 | | |
| | | (iv) | In armóin | 2 | | |
| | | (v) | Ainm an amhráin<br><br>Cur síos ar stíl an amhráin (ainmnithe):<br>**Sergeant Pepper**: stíl phop-rac / rac / chlasaiceach<br>**She's Leaving Home**: stíl chlasaiceach / bhailéadach<br>**When I'm Sixty-four**: stíl shnagcheoil / na hallaí ceoil / ragcheoil;<br><br>Cónascadh / 'Comhleá' de phopcheol agus de cheann de na stíleanna sin = 2<br>Cónascadh / 'Comhleá' = 0<br>Pop = 0<br><br>Gan amhrán ainmnithe ach an cur síos ag teacht go soiléir le ceann de na 3 amhrán = 1 | -<br><br>2 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3 | | | *Symphonie Fantastique le Berlioz*<br>*An dara gluaiseacht, na barraí 38 – 69* | | 10 | 10 |
| | | (i) | An fhine téaduirlisí | 2 | | |
| | | (ii) | Éiríonn sé beagáinín níos moille; tá *rall* ar siúl;<br><br>Freagra a bhfuil cuid de ceart = 1 (e.g. éiríonn sé níos moille agus ansin éiríonn sé níos tapúla) | 2 | | |
| | | (iii) | Scála suas | 2 | | |
| | | (iv) | I stíl válsa<br><br>Tagairt ar bith d'am tríbhuilleach; tagairt ar bith do ghné na tuairisce ag an bpointe seo sa ghluaiseacht;<br><br>Glac le ham a trí a ceathair = 1<br>Tionlacan tipiciúil válsa / tagairt cheart don tionlacan = 1<br><br>Tá fuaim válsa/damhsa air = 0 | 1<br><br>1 | | |
| | | (v) | Leannán smaoinimh (smaoineamh seasta). An t-ainm a thug Berlioz ar an téama a chuireann a ghrá geal in iúl.<br><br>Leannán smaoinimh = 1 + cur síos = 2<br><br>Suas le 2 mharc as aon chur síos bailí. | 2 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4 | | | *Seachanges with Danse Macabre le Raymond Deane*<br>*Na barraí 93 – 118* | | 10 | 10 |
| | | (i) | Marimba<br><br>In aithris | 2<br><br>2 | | |
| | | (ii) | Guíoró | 1 | | |
| | | (iii) | Dies Irae | 1 | | |
| | | (iv) | Grúpa nótaí le hais a céile a sheinntear ag an am céanna (ar an bpianó de ghnáth)<br><br>Grúpa nótaí a sheinntear le chéile = 1<br>Ar nós corda ach é sórt ait/díshondach/in achrann leis féin =1 | 2 | | |
| | | (v) | Cur síos ar aon cheann de na teicníochtaí<br><br>**Canóin:** dianaithris i gceann achair agus idirchéime áirithe.<br>Dianaithris = 2<br>Aithris = 1<br>Aithris i gceann achair = 2<br><br>**Dealú**: fágtar nóta ar lár as an mír gach uair a sheinntear í; cosúil le díscaoileadh<br><br>**Méadú**: am-luach na nótaí i dtéama a dhúbailt (nó a fhadú).<br>Am-luachanna níos faide / níos mó = 2<br>Na nótaí a dhéanamh níos faide = 2<br>Na nótaí a shíniú = 1<br>Luach na nótaí a shíniú = 2 | 2 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 | Sliocht 1 | (i) | Sean-nós/ Sean-stíl / (stíl) amhránaíochta de réigiún ar leith;<br>Stil thraidisiúnta Ghaelach = 2<br>Stíl thraidisiúnta amhránaíochta = 1<br><br>Stíl ornáideach amhránaíochta gan tionlacan; sean-stíl<br>Suas le 2 mharc as aon chur síos bailí.<br><br>Amhránaíocht gan tionlacan / amhránaíocht ornáideach = 1 | 2<br><br><br><br>2 | 8 | 25 |
| | | (ii) | Aon dá ghné chearta mar a chloistear sa sliocht iad:<br><br>Amhránaíocht aonair / gan tionlacan; ornáidiú; saor-rithim; ton srónach;<br><br>Canta i nGaeilge = 0 | 2 + 2 | | |
| | Sliocht 2 | (i) | Ríl<br>Port | 2<br>2 | 8 | |
| | | (ii) | Barra ceart amháin as ceann amháin de na damhsaí a bhfuil tic leo in (i)<br><br>*Caithfidh* ceangal a bheith déanta idir an rithim agus ceann de na damhsaí a bhfuil tic leo in (i). | 2 | | |
| | | (iii) | Grúpa traidisiúnta **nó** Banna céilí<br><br>**Grúpa traidisiúnta**: uirlisí traidisiúnta, e.g. fidil, fliúit, le cloisteáil; ag seinm in aoncheol<br>*nó*<br>**Banna céilí**: cordaí á seinm ar an bpianó / méarchlár (réthionlacan); foinn damhsa á seinm | 1<br><br><br><br>1 | | |
| | Sliocht 3 | (i) | cnámha; giotár; pianó; | 1+1+1 | 9 | |
| | | (ii) | Ornáidiú; seachtach maol ; fonn damhsa / ríl; cnámha le cloisteáil; tá buille maith leis an gceol; tagairt don fhoirm;<br><br>Aon chúis bhailí | 2<br><br><br>1 | | |
| | | (iii) | Giotár le cloisteáil; tionlacan/cordaí; pianó; mothú snagcheoil ar an gceol; armónach (glac le consairtín/cairdín); mothú Cajun ar an gceol; sioncóipiú; intreoir sa cheol; cóiriú;<br><br>Aon chúis bhailí | 2<br><br><br>1 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Sliocht 1 | (i) | 8<br>Éiríonn an ceol níos ísle | 2<br>1 | 6 | 20 |
| | | (ii) |  | 2 | | |
| | | (iii) | Rithim shioncóipithe; sleamhnáin snagcheoil le cloisteáil; lúbanna gutha; seachtráin; nótaí snagcheoil /maola; sreangdhruma le cloisteáil; cosúil le ragcheol / pianó *honky-tonk*<br><br>Uirlisí tipiciúla snagcheoil le cloisteáil = 0;<br>má ainmnítear uirlis(í) = 1 | 1 | | |
| | Sliocht 2 | (i) | 3 | 2 | **6** | |
| | | (ii) | Cosúil lena chéile | 1 | | |
| | | (iii) | An chláirseach / an chruit | 1 | | |
| | | (iv) | Seinntear / cantar go ciúin é; cantar mar aonréad é; tionlacan bog (cordúil) ar an bpianó ag an dtús; an dinimic bog i gcónaí; an tionlacan bog i gcónaí; méadar bog tríbhuilleach 'portach' sa cheol; tá an rithim séimh – níl sí poncaithe ná sioncóipithe; séis shnítheach = 2; tagairt do ghuthanna taca/guthanna mná ag déanamh macalla ag an deireadh (ag éirí níos boige) = 2<br><br>Aislingeach = 1 + cur síos = 2<br>Athdhéanamh sa tséis = 1 + forbairt = 2<br><br>Aon fhreagra bailí a léiríonn mothú suaimhneach. | 2 | | |
| | Sciocht 3 | (i) | An pianó; Cordaí briste | 1 + 1 | **8** | |
| | | (ii) | Teanór | 1 | | |
| | | (iii) | De réir céime | 1 | | |
| | | (iv) | *And you'll never walk alone, you'll* *never* *walk alone* | 2 | | |
| | | (v) | Cór/Guthanna taca/níos mó guthanna le cloisteáil; foireann drumaí le cloisteáil anois; buaicphointe mór ag an deireadh leis na prásuirlisí; tá ré fuaime na nótaí níos faide i line 10; Úsáid na cruite (sna barraí deiridh; tá sé níos glóraí / drámata; níos mó uirlisí ann; an uigeacht níos saibhre; Moillíonn an ceol beagáinín;<br><br>Sainaithint cheart ar bith. | 2 | | |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán